MAIDIR LE hIARRATAS CHUIG

AN mBORD PLEANÁLA

AR FHAOMHADH (I) CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE 1993 (ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MÓTARBHEALAIGH CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; agus (III) SCÉIM BÓTHAIR CHOSANTA CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

ABP Uimhir Thagartha ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

Achoimre Ghearr ar an bhForbairt atá Beartaithe

le

**Mike Evans, BEng, CEng, Arup**

**Eileen McCarthy, BEng, CEng, MICE, PE (na Stáit Aontaithe), Arup**

**18 Feabhra 2020**

# 1 Réamhrá

1.1 Is mise Mike Evans. Is mise stiúrthóir Arup agus táim i gceannas ar Earnálacha Iompair agus Bonneagair Arup san Eoraip. Tá mé i mo stiúrthóir tionscadail ar thionscadal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CCNG an N6) ó cuireadh tús leis an tionscadal in Eanáir 2014. I gcomhar le mo chomhghleacaí Eileen McCarthy, atá ag feidhmiú ina bainisteoir tionscadail ó cuireadh tús leis an tionscadal, tabharfaimid achoimre ghearr ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

# 2 Achoimre ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe

## 2.1 Forléargas

2.1.1 Is cathair í Gaillimh ina bhfuil go leor codarsnachtaí ó thaobh fhorbairt fhisiceach agus riachtanais iompair na cathrach de. Cé go bhfuil croílár na Gaillimhe dlúth agus insiúlta, lasmuigh de lár na cathrach, tá na bruachbhailte tar éis forbairt mar shraith ceantar cónaithe ísealdlúis atá fite fuaite le ceantair fostaíochta, rud a fhágann gur coitianta an nós é carranna príobháideacha a úsáid mar mhodh iompair.

2.1.2 De réir mar a leanann Cathair na Gaillimhe agus an ceantar mórthimpeall ag fás, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí forbairt na cathrach amach anseo a chosaint ó tharla í a bheith ar an bpríomh-lárionad eacnamaíoch in iarthar na hÉireann, agus lena chinntiú gur forbairt inbhuanaithe a bheadh i gceist.

2.1.3 Baineann fadhbanna tábhachtacha iompair le Cathair na Gaillimhe agus leis an gceantar mórthimpeall agus ní mór iad a réiteach chomh luath agus is féidir. Baineann easpa shuntasach toillte leis an gcathair agus coisithe, rothaithe, úsáideoirí leochaileacha bóthair, iompar poiblí, carráistí lastais agus carranna príobháideacha araon in iomaíocht lena chéile le spás a fháil ar ghréasán plúchta bóithre. Is suntasach iad na moilleanna tráchta ag buaicamanta agus tá an moill sin i gceist le linn tréimhse níos faide den lá.

Mar seo a leanas a dhéantar achoimre ar na fadhbanna atá roimh Chathair na Gaillimhe agus roimh an gceantar mórthimpeall:

- Brú tráchta ar fud ghréasán bóithre na cathrach
- Róthoilleadh na n-achomhal atá ann cheana féin
- Tréimhsí turais nach féidir brath orthu de bharr moilleanna nach féidir a thuar
- Inathraitheacht tréimhsí turais i rith an lae
- Moilleanna tráchta le linn buaicuaireanta
- Tá trácht a d'fhéadfadh dul thimpeall ar an gcathair i gcoimhlint le trácht inmheánach

- Tá trácht straitéiseach i gcoimhlint le trácht áitiúil
- Naisc easnamhacha iompair chun teacht ar mhargaí laistigh den chathair
- Cónaisc easnamhacha iompair as Gaillimh ar aghaidh go Conamara
- Easpa rochtana ar Réigiún an Iarthair ina iomláine
- Easpa spáis ar fáil chun freastal ar dhul chun cinn modhanna iompair nach mbaineann inneall leo


2.1.4 Go bunúsach, tá brú tráchta i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar mórthimpeall ag milleadh agus ag plúchadh shaol na cathrach. Is minic a theipeann go hiomlán ar an ngréasán iompair i nGaillimh toisc nach bhfuil aon teacht aniar sa ghréasán mar shampla tráthnóna fliuch, le linn cothabháil bóithre, i gcás timpiste bóthair agus le linn briseadh comhartha. Bíonn costas na milliún i gceist le dúnadh randamach, dothuartha ghréasán iompair na Gaillimhe i gcás mar seo agus d'fhéadfadh sé, i ndáiríre, bac a chur ar Ghaillimh feidhmiú mar chathair nó mar inneall eacnamaíoch do réigiún an Iarthair.

## 2.2 Srianta Suntasacha maidir le Réiteach a Lorg

2.2.1 Agus réiteach ar an bhfadhb iompair atá ag milleadh na Gaillimhe á mheas, cuireann tréithe fisiceacha na Cathrach agus an cheantair mórthimpeall srianta suntasacha ar bonneagar iompair nua don chathair a fhorbairt de bharr na nithe seo a leanas: (i) foirm fhisiceach na cathrach (ii) an spás teoranta atá ar fáil (iii) an timpeallacht thógtha agus na ceantair chónaithe ar an dá thaobh d'Abhainn na Gaillimhe, agus (iv) láithreacht suíomhanna ainmnithe a mbaineann tábhacht idirnáisiúnta leo. I dtaca leis sin:

- Cruthaíonn Abhainn na Gaillimhe deighilt nádúrtha idir oirthear agus iarthar Chontae na Gaillimhe agus níl ach achar 4.5km idir Loch Coirib agus Cuan na Gaillimhe, agus tá Cathair na Gaillimhe i gceist leis sin.
- Is cathair líneach í Cathair na Gaillimhe a chuimsíonn thart ar 10km soir-siar agus 3km thuaidh-theas agus déanann Abhainn na Gaillimhe dhá leath di thuaidh-theas agus í ag rith trí Loch Coirib agus Cuan na Gaillimhe agus díolta móra suntais, ionaid fostaíochta, ionaid oideachais agus ceantair chónaithe lonnaithe ar dhá thaobh na habhann.
- Tá Cathair na Gaillimhe lonnaithe i lár ceantar a mbaineann go leor den oidhreacht nádúrtha leo mar aon le flúirse gnáthóg nádúrtha. Fágann sé seo gur ainmníodh ceantair shuntasacha timpeall na cathrach ina gceantair a mbaineann tábhacht idirnáisiúnta leo.
- De bharr ísealdlús bhruachbhailte na Gaillimhe, bítear ag brath ar úsáid carranna príobháideacha mar phríomh-mhodh iompair, rud a fhágann gur deacair réiteach iompair phoiblí a fhorbairt a bheadh éifeachtúil ó thaobh na heacnamaíochta de.

**Fíor 1: Srianta Nádúrtha Chathair na Gaillimhe agus an cheantair mórthimpeall**




2.2.2 Cuireann foirm fhisiceach na cathrach ó thaobh na timpeallachta tógtha agus nádúrtha agus na gceantar cónaithe ar dhá thaobh Abhainn na Gaillimhe de, mar aon leis an spás teoranta atá ar fáil idir an loch agus an cuan, anuas ar láithreacht na suíomhanna ainmnithe, cuireann siad seo ar fad srianta ar fhorbairt bonneagair nua don chathair agus níor mhór dúinn a bheith go hiomlán ar an eolas fúthu agus réiteach ar an riachtanas práinneach iompair á fhorbairt againn.

## 2.3 Forbairt an Réitigh Iompair

2.3.1 Ag tús ár gcuid oibre chun athscrúdú a dhéanamh ar réiteach iompair do Ghaillimh, aithníodh gur ghá measúnú a dhéanamh ar éileamh iompair ar an iomlán d'fhonn tuiscint chuimsitheach a bheith againn ar an bhfadhb iompair a bhíomar ag iarraidh a réiteach. Níor mhór don mheasúnú seo a mheas an raibh roghanna eile ann seachas mórthógáil nua bóithre i gcomhthéacs polasaí iompair inbhuanaithe. Príomhchonclúid de chuid an chéad mheasúnaithe seo ar an bhfadhb iompair ba ea nárbh í tréthrácht ná trácht a bhféadfaí a chur thimpeall uirthi an phríomhchuid den fhadhb. Fuarthas nár mhór aon dul chun cinn ar an ngréasán bóithre náisiúnta, dá dteastódh sé, a fhorbairt laistigh de chomhthéacs straitéise iomláine iompair do Ghaillimh a dhéanfadh gach modh a mheas go cuimsitheach.

2.3.2 Ba léir freisin ón measúnú gur theastaigh fís iomlán maidir le mar a d'oibreodh na modhanna ar fad le chéile i nGaillimh ionas go mbeadh an réiteach ab fhearr sofaisticiúil. Tá na déimeagrafaigh ag athrú in Éirinn agus tá méadú ag teacht ar

an daonra inár gcuid cathracha, rud atá ag teacht le polasaí náisiúnta. Ní bheifear ábalta na cathracha a dhlúthú mura mbeidh gréasán inbhuanaithe iompair ann.

2.3.3 Dá bharr seo, coimisiúnaíodh foireann chun straitéis iomlán iompair a fhorbairt do Ghaillimh. Ba í Comhairle Cathrach na Gaillimhe a bhí i gceannas ar an obair seo, i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair (UNI) agus ba é toradh na hoibre seo Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) a fhoilsiú.

2.3.4 D’fhonn cathair atá ceangailte leis an gceantar mórthimpeall a bhaint amach, tá sé mar aidhm ag SIG gréasán comhtháite ‘naisc’ (bealaí) agus ‘nóid’ (stadanna agus suíomhanna idirmhalartaithe) a sholáthar, a mbeidh daoine in ann taisteal go héasca orthu, iad ag athrú pasáistí agus modhanna de réir mar is gá chun dul ar a n-aistear. Tá soláthair sa straitéis chun thrácht a théann tríd an lárcheantar faoi láthair (chun teacht ar shuíomhanna atá ar imeall an lárcheantair) a chur chuig cuarbhealaí níos oiriúnaí thimpeall ar cheantar chroílár na cathrach. Éascaíonn sé sin tús áite a thabhairt do mhodhanna gníomhacha (siúl agus rothaíocht) agus don iompar poiblí i lár na cathrach agus ar fud lár na cathrach, rud atá riachtanach d’fhonn athrú modha i dtreo iompar níos inbhuanaithe a bhaint amach.


2.3.5 D’aithin SIG nach mbíonn sé áisiúil turais áirithe trasna na cathrach a dhéanamh le modhanna nach mbaineann carr leo agus measadh go raibh gá le bealach athléimneach, iontaofa traschathrach - cuarbhealach a bhféadfaí tiomáint air. D’aithin SIG an gá a bhí le toilleadh fithiseach tráchta sa bhreis chun freastal ar ath-leithroinnt spás bóithre chun go bhféadfadh coisithe, busanna agus rothaithe iad a úsáid. D’aithin siad go háirithe an gá a bhí le bealach eile trasna Abhainn na Gaillimhe d’fhonn an cuarbhealach a chur i bhfeidhm go héifeachtach. I gcomhthráth le forbairt SIG, rinneadh obair maidir leis na féidearthachtaí do bhealach nua trasna Abhainn na Gaillimhe agus mar a d’fhéadfaí sin a nascadh leis an ngréasán bóithre a bhí ann cheana féin.

2.3.6 Má dhéanaimid cur síos ar Ghaillimh mar chathair líneach, dhronuilleogach, d’fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar a gréasán bóithre agus sráideanna mar ghréasán a bhfuil cnámh droma lárnach aige a théann soir-siar feadh Bhóthar N6 na dTreabh, trasna Abhainn na Gaillimhe ag Droichead na gCúig Chéad, ag nascadh le Bóthar Shéamuis Uí Chuirc (R338) chun nascadh leis an R337. Téann roinnt bealaí gathacha isteach sa chnámh droma lárnach seo. Tá nasc eile soir-siar ar an taobh ó dheas feadh Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath a théann chomh fada le Droichead Wolfe Tone agus a bhuaileann ansin leis an gcnámh droma lárnach ag Bóthar Bhaile an Rí. Idir an dá phríomhnasc soir-siar seo ar dhá thaobh Abhainn na Gaillimhe, tá ceantar lár na cathrach. Féach Fíor 2 thíos.


**Fíor 2: Gréasán Bóithre Chathair na Gaillimhe agus an cheantair mórthimpeall mar atá**




**Fíor 3: An Gréasán Bóithre agus na Lárionaid Daonra**



**Fíor 4: Forleagan de Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe**




2.3.7 Is léir nach bhfuil forbairt iomlán déanta ar an ngréasán bóithre sa leath thuaidh den chathair. Fágann sé seo go bhfuil an gréasán bóithre comhcheangailte in easnamh i nGaillimh, rud a d'fhreastalódh ar iompar níos dírí. Mar shampla, téann turais ó na ceantair chónaithe go dtí iarthar na cathrach isteach i gcnámh droma lárnach ghréasán bóithre lár na cathrach le linn bhuaicuaireanta na maidine chun taisteal chuig ionaid oideachais agus fostaíochta i dtreo oirthear na cathrach agus a mhalairt. Is é an t-aon bhealach leis an trácht a thagann isteach sa chathair ó na bealaí gathacha a scaipeadh trasna na cathrach an cnámh droma lárnach céanna a úsáid. Tá príomhnaisc thuaidh-theas in easnamh ón ngréasán freisin, amhail Bóthar N59 an Chlocháin go Bóthar Leitrí go Bóthair Rathúin, chomh maith leis na naisc atá in easnamh idir dhá mhórionad fostaíochta ar an taobh thoir den chathair, an Pháirc Mhór agus Baile an Bhriotaigh, agus an nasc atá leo sin leis an ngréasán bóithre. Agus na naisc seo in easnamh, ní mór don trácht ar fad teacht isteach sa chathair chun go mbeidh teacht aici ar bhóthar na cnáimhe droma sular féidir léi bogadh timpeall na cathrach nó dul thart ar an gcathair. Dá bharr seo, fágann an gréasán bóithre mar atá go mbíonn i bhfad an iomarca turas feithicle ag dul isteach i gceantar lár na cathrach. Plódaíonn sé seo an spás do mhodhanna gníomhacha agus don iompar poiblí.

2.3.8 Cuireann CCNG an N6 atá beartaithe an bealach a theastaíonn ar an imeall amuigh ar fáil, ag forbairt ghréasán bóithre leath thuaidh na cathrach a fhreastalóidh ar thurais níos dírí, a chuirfidh trácht ar mhalairt slí ón gcnámh droma lárnach agus a fhreastalóidh ar ath-leithroinnt spás bóithre i lár na cathrach do mhodhanna gníomhacha agus don iompar poiblí.

2.3.9 De réir mar a bhíonn níos lú turas sa chathair, is lú brú tráchta a bhíonn inti freisin, rud a fhágann gur tarraingtí i bhfad a bhíonn an t-iompar poiblí agus

tagann méadú ar chomhroinnt modha san iompar poiblí agus ar líon na ndaoine a bhíonn ag siúl.

Nuair a bheidh SIG i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear ionchur suntasach chun spás bóithre a chur ar fáil i lár na cathrach a ath-leithroinnt don iompar poiblí, beidh athrú níos suntasaí ann i dtreo an iompair phoiblí agus i dtreo modhanna iompair inbhuanaithe.

I bhfianaise na timpeallachta tógtha agus chomh gar is a bheidh CCNG an N6 atá beartaithe do cheantair chónaithe, rud nach bhfuil aon neart air, ar an drochuair agus gan aon neart air, beidh leagan roinnt réadmhaoine agus ceannach roinnt gnólachtaí mar thoradh air. Ní mór féachaint air seo, áfach, agus a cheart a thabhairt dó i gcomhthéacs na mbuntáistí a sholáthróidh CCNG an N6 atá beartaithe ar an iomlán, lena n-áirítear soláthar bealaigh straitéisigh trasna Abhainn na Gaillimhe gan gá dul tríd an gcathair, rud a shaorann agus a scaoileann le ceantar lár na cathrach mar atá ó bhrú tráchta. Dá réir seo, cuirfidh sé seo caighdeán saoil níos fearr ar fáil do chónaitheoirí na cathrach, feabhsóidh sé iontaofacht tréimhsí turais don iompar poiblí, cuirfidh sé an siúl agus an rothaíocht chun cinn mar mhodhanna iompair sábháilte agus ar an iomlán, cuirfidh sé timpeallacht i bhfad níos sábháilte ar fáil chun cónaí inti. Is é CCNG an N6 an réiteach is fearr do bhóthar nua agus tagann sé leis an gceartphleanáil agus leis an bhforbairt inbhuanaithe.

## 2.4 Cad é CCNG an N6?

2.4.1 Cuimsíonn CCNG an N6 thart ar 5.6km de charrbhealach aonair ó 2km siar ó bhaile Bhearna chomh fada le Bóthar Bhaile an Mhóinín agus thart ar 11.9km de dhébhealach ó Bhóthar Bhaile an Mhóinín go dtí ceangal an oirthir leis an N6 atá ann cheana ag Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise. Is bóthar cosanta é an chuid sin de CCNG an N6 atá beartaithe ón gceangal le Bóthar R336 an Chósta go dtí Acomhal N59 Leitrí agus is mótarbhealach é an chuid sin ón acomhal seo go dtí an ceangal leis an N6 atá ann cheana ag Cúil Each, mar a léirítear i bhFíor 2.4.1.

Ar mhaithe lena chinntiú gur tugadh aghaidh cheart ar an réiteach iompair agus ag glacadh na srianta nádúrtha agus fisiceacha a ndearnadh cur síos orthu thuas, teastaíonn ionchur suntasach innealtóireachta, lena n-áirítear:

- Struchtúr droichid Abhainn na Gaillimhe thar Abhainn na Gaillimhe
- Struchtúr Thollán Leacaigh faoi Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta féideartha (cSAC) Abhainn na Gaillimhe
- Struchtúr tarbhealaigh thar ghnáthóg neamhainmnithe i Mionlach


Chomh maith leis sin, spreag an mhian atá ann an tionchar a bheadh ag CCNG an N6 ar thailte áirithe a fhreastalaíonn ar phobal leathan a laghdú roinnt ionchair shuntasaigh innealtóireachta, is é sin:

- Struchtúr tarbhealaigh ag teacht ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe le Campas Spóirt OÉ Gaillimh a thrasnú

- Struchtúr Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe faoin ráschúrsa

2.4.2 Moladh mionathrú amháin a dhéanamh ar ailíniú bóthair cheangail atá mar chuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe do Pháirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh agus cúpla leasú ar an straitéis mhaolaithe do OÉ, Gaillimh a dtabharfar aghaidh orthu i ráiteas innealtóireachta na fianaise.

**Fíor 5: Bealach CCNG an N6**



## 2.5 Cén Fáth CCNG an N6?

2.5.1 Luíonn CCNG an N6 atá beartaithe laistigh den chóras iompair ar an iomlán. Cuireann sé cnámh droma nua soir-siar leis an ngréasán bóithre agus naisc thábhachtacha thuaidh-theas chun an t-idirnasc a chur ar fáil don chnámh droma nua. Tugann sé aghaidh ar an bhfadhb iompair i gCathair na Gaillimhe trí dhá phríomhchuspóir a bhaint amach i bhforbairt chóras iompair na cathrach, rud a fhágann go bhféadfar forbairt inbhuanaithe, chomhdhlúite a bhaint amach.

1. Cuireann sé toilleadh turais leis an ngréasán iompair atá ann cheana agus mar sin laghdaíonn sé turais trí lár na cathrach agus, go háirithe, laistigh de agus ar Ghréasán Rochtana Lár na Cathrach mar a d'aithin SIG. Mar a luadh thuas, toisc gur lú turas a bhíonn sa chathair, is lú brú tráchta a bhíonn ann, rud a fhágann gur tarraingtí i bhfad a bhíonn an t-iompar poiblí agus modhanna gníomhacha iompair.

2. Tá soláthar sna naisc nua a tugadh isteach mar chuid de CCNG an N6 do riachtanas straitéiseach an ghréasáin bóithre náisiúnta agus do cheangal idir Cathair na Gaillimhe agus Réigiún an Iarthair agus gréasán TEN-T. Is féidir le turais ag teacht isteach sa chathair agus ag imeacht as an gcathair teacht isteach sa chathair agus imeacht as ar bhealaí nach dtugann orthu dul isteach go lár na cathrach ach amháin más sin an ceann scríbe a bhíonn acu. Coinnítear turais, inarbh fhéidir fanacht glan ar lár na cathrach, amach ó lár na cathrach.

2.5.2 Chomh maith leis sin, freastalóidh CCNG an N6 ar fhás an daonra agus ar dhlúthfhorbairt, inbhuanaithe Chathair na Gaillimhe, mar a shamhlaítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP), ach spás a chur ar fáil ar an ngréasán iompair chun spás a leithroinnt don iompar poiblí agus do mhodhanna gníomhacha.

2.5.3 Anuas air sin, nuair a chuirfear SIG i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear ionchur chun an spás bóithre a bheidh ar fáil i lár na cathrach a ath-leithroinnt don iompar poiblí, beidh athrú níos suntasaí arís ann i dtreo an iompair phoiblí agus modhanna inbhuanaithe iompair.

## 2.6 CCNG an N6 i gcomparáid le Seachbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

2.6.1 Scrúdaíodh roghanna eile le linn na céime chun bealach a roghnú agus ceann acu seo ab ea Scéim Sheachbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2006 (SCNG an N6). Pléitear agus scrúdaítear an rogha seo go mion in Alt 4.7.2 de Chaibidil 4 den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT). Tugtar sonraí breise maidir le mar a forbraíodh na bealaí in Alt 5.3 de Chaibidil 5 den Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh atá in Imleabhar 3 den Fhreagra ar Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise (IFB).

2.6.2 Scéim feabhsaithe bóthair ab ea SCNG an N6 a raibh sé mar aidhm léi brú agus moilleanna tráchta a mhaolú ach trácht a d'fhéadfadh dul thimpeall ar an gcathair agus trácht straitéiseach a scaradh ó ghréasán bóithre na Gaillimhe. Mar is iondúil i gcás cur chuige dá leithéid, bhí an réiteach a forbraíodh sách scoite amach ó ghréasán bóithre na cathrach agus bhí sé ag brath ar ghréasán bóithre na cathrach mar a bhí chun trácht a d'eascair as an gcathair nó a bhí ag dul isteach chuici a bhailiú agus a dháileadh.

2.6.3 Forbraíodh SCNG an N6 i gcomhthéacs difriúil inar léir go gcaithfeadh an réiteach a bhí beartaithe suí i bplean oiriúnach iompair don chathair. Ar an gcaoi sin, baineann cur chuige níos iomlánaíche leis an méid bhreise a sholáthraíonn sé don ghréasán bóithre. Ní hamháin go bhfreastalaíonn sé ar thrácht a d'fhéadfadh dul thimpeall ar an gcathair, déantar freastal níos fearr ar bhailiú agus dáileadh tráchta chuig an ngréasán bóithre náisiúnta agus ón ngréasán agus ar thurais laistigh de Ghaillimh lena n-áirítear modhanna gníomhacha agus modhanna iompair phoiblí.

2.6.4 Taispeántar Fíor 1.9.1 d'Aguisín A.1.12 den Fhreagra IFB i bhFíor 6 thíos.

**Fíor 6: SCNG 2006 agus CCNG an N6**




2.6.5 Ach comparáid a dhéanamh idir an chuid sin de Scéim SCNG 2006 a ceadaíodh soir ón N59, lena n-áirítear acomhal an N59, agus an moladh reatha, cuireann CCNG an N6 réiteach iompair i bhfad níos fearr ar fáil ná Scéim SCNG 2006 ar an taobh thoir de Chathair na Gaillimhe ar na cúiseanna seo a leanas:

- Tacaíonn sé le pleanáil úsáide talún a sholáthraíonn dlúthfhás inbhuanaithe
- Bíonn sé ansin ag teacht níos fearr leis an iompar inbhuanaithe agus le straitéisí maolaithe don athrú aeráide

- Feidhmíonn sé níos fearr, mar a éilíonn SIG, trí chuarbhealach eile a chur ar fáil
- Tá sé ceangailte níos fearr le gréasán bóithre na cathrach
- Tá tionchar níos lú aige ar an timpeallacht nádúrtha

Léireoidh mé anois an t-údar gur fearr CCNG an N6 i gcás gach aon cheann de na buntáistí suntasacha seo i gcomparáid le Scéim SCNG 2006.

***Tacaíonn sé le pleanáil úsáide talún a sholáthraíonn dlúthfhás inbhuanaithe***

2.6.6 Príomhathrú ó 2006 i leith ó thaobh pleanála iompair de is ea gur mó béim a chuirtear ar thacú le pleanáil úsáide talún a sholáthraíonn dlúthfhás inbhuanaithe. Cuireadh CCNG an N6 le chéile mar chuid de SIG agus mar thoradh air sin, soláthraíonn sé na cuspóirí iompair seo a leanas ar bhealach atá i bhfad níos fearr ná Scéim SCNG 2006:

- Cuireann CCNG an N6 níos mó turas ar mhalairt slí ón gcathair ná Scéim SCNG 2006. Cruthóidh sé seo deis níos fearr chun níos mó spás bóithre a chur ar leataobh do mhodhanna gníomhacha agus don iompar poiblí
- Soláthraíonn CCNG an N6 bealach nua, díreach ón bPáirc Mhór go dtí lár na cathrach. Mar thoradh ar an mbealach nua seo, beidh ceangal níos fearr ag an bPáirc Mhór agus ag Baile an Bhriotaigh le lár na cathrach trí mhodhanna gníomhacha agus tríd an iompar poiblí
- Cruthaíonn CCNG an N6 gréasán nua bóithre ar an taobh thoir thuaidh de Chathair na Gaillimhe, rud a cheadóidh turais i bhfad níos dírí
- Soláthraíonn CCNG an N6 ceangal níos fearr leis na príomhionaid fostaíochta ar an taobh thoir den chathair. Baineann sé seo leis an gceangal a bhíonn acu le lár na cathrach, le ceantair chónaithe na cathrach agus leis an ngréasán bóithre náisiúnta. Níor cheangail Scéim SCNG 2006 iad agus dá bharr seo, is lú faoiseamh i bhfad a thug sé do bhrú tráchta ag Cnoc Mhaoil Drisigh, an Pháirc Mhór, Baile an Bhriotaigh agus feadh Bhóthar N6 na dTreabh

***Tagann sé níos fearr leis an iompar inbhuanaithe agus le straitéisí maolaithe don athrú aeráide***

2.6.7 Trí réiteach iompair a chur ar fáil a thacaíonn le dlúthfhás inbhuanaithe, cumasóidh CCNG an N6 fás ar fhostaíochta agus ar cheantair chónaithe sa chathair i suíomhanna athfhorbraíochta agus inlíonta. Mar sin, is féidir le fás sa daonra a bheith dlúth agus is lú taisteal a d'éileodh sé i ndearbhthéarmaí. Ar an gcaoi seo, is fearr a thagann CCNG an N6 leis an iompar inbhuanaithe agus le straitéisí maolúcháin don athrú aeráide ná Scéim SCNG 2006.

***Soláthraíonn sé cuarbhealach eile níos fearr***

2.6.8 Tá SCNG an N6 lonnaithe níos faide ó thuaidh den chathair ná CCNG an N6. Fágann sé seo nach bhfuil sé chomh héifeachtach céanna ó thaobh turais a chur ar mhalairt slí de. Dá faide ó thuaidh a bheidh aon bhealach, is ea is neamhéifeachtaí

a bheidh sé ag comhlíonadh na feidhme atá á éileamh ag SIG, is é sin cuarbhealach eile a chur ar fáil.

***Soláthraíonn sé ceangal níos fearr le gréasán bóithre na cathrach***


2.6.9 Is gaire don chathair é CCNG an N6 ná SCNG 2006 agus dá bharr seo, is fearr i bhfad an ceangal atá aige le gréasán bóithre na cathrach.

2.6.10 Is amhlaidh atá an cás sna suíomhanna seo a leanas go háirithe:

- Soláthraíonn CCNG an N6 nasc nua a cheanglaíonn Bóthar N59 an Chlocháin le Bóthar Leitrí agus ar aghaidh go dtí Bóthar Rathúin. Tá teacht i bhfad níos fearr ag turais ó iardheisceart na cathrach ar CCNG an N6 ná mar a bheadh acu ar SCNG an N6. Anuas air sin, soláthraítear ceangail níos fearr ar bhealaí níos giorra agus níos dírí idir áiteanna sa chathair agus do thurais chuig agus ón N59.

- Téann CCNG an N6 trí phríomhionad fostaíochta i gCathair na Gaillimhe agus in iarthar na hÉireann, go deimhin, atá dúnta a bheag nó a mhór ag an N86, an N6 agus Bóthar na Páirce Móire cé go dtéann SCNG 2006 ó thuaidh de. Sa cheantar áirithe seo, tá Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh, Páirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise, Ráschúrsa na Gaillimhe, Páirc Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Páirceanna Gnó na Páirce Móire Thoir agus Thiar. Tá gréasán nua bóithre mar chuid de CCNG an N6 a d'fhágfadh go bhféadfaí turais i bhfad níos dírí a dhéanamh. Is fearr a mhínítear é seo san fhigiúr thíos.

**Fíor 7: Bóthar Thuama an N83**




- Cuirtear ceangal nua ar fáil ó Bhóthar Thuama an N83 go Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh agus go dtí an Pháirc Mhór araon agus tá ceangal nua ann freisin idir an Pháirc Mhór agus Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh agus ar aghaidh go Bóthar N6 na dTreabh. Dáileann an gréasán bóithre nua seo trácht ó CCNG an N6 atá beartaithe ar chinn scríbe ar bhealach atá thar a bheith díreach. Chomh maith leis sin, ceadaíonn sé turais i bhfad níos dírí

do thurais eile ar an ngréasán bóithre, is cuma cén modh iompair atá in úsáid; mar shampla, ó Bhóthar Thuama an N83 go Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh agus Páirceanna Gnó na Páirce Móire Thoir agus Thiar trí Nasc Pháirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach – nasc 400m a sheachnaíonn turas timpeallach nach bhfuil gá leis ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Ar deireadh, soláthraíonn an gréasán bóithre nua seo nasc díreach ó Bhóthar N6 na dTreabh trí Pháirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh agus ó thuaidh go Páirc Ghnó na Páirce Móire, rud a chruthaíonn deis chun turais i bhfad níos dírí agus níos gníomhaí a dhéanamh trí mhodhanna gníomhacha agus tríd an iompar poiblí, isteach sa chathair agus amach aisti araon.

- Déanann CCNG an N6 dul chun cinn suntasach ar an ngréasán bóithre san áit a bhfuil acomhal an N6/N67 faoi láthair. Is féidir le turais ón N67 teacht ar CCNG an N6 go héasca ag Acomhal Chúil Each an N6. Dá mbeadh SCNG 2006 i gceist, bheifí ag leanúint ar aghaidh ag cur turais dá leithéid chuig an ngréasán bóithre atá ann cheana.

2.6.11 Míníonn na pleananna ceangail seo an ceangal níos fearr atá ag CCNG an N6 le gréasán bóithre na cathrach agus toisc ceangal a bheith aige léi, tá sé in ann réiteach a chur ar fáil a sholáthraíonn toradh iompair níos inbhuanaithe ná SCNG 2006.

2.6.12 Nuair a dhéantar comparáid idir an péire, is éifeachtaí gréasán bóithre níos forbartha CCNG an N6 ná SCNG 2006 maidir le turais bheith ag teacht isteach chuig na bealaí gathacha agus ag imeacht uathu. Is éifeachtaí CCNG an N6 ag dáileadh turas ón N59, N84, N83 agus N67 timpeall na cathrach. Freastalaíonn CCNG an N6 go háirithe ar an N83 ach acomhal a sholáthar dó, rud nár chuimsigh SCNG 2006.

2.6.13 Nuair a dhéantar comparáid idir an péire, is éifeachtaí gréasán bóithre níos forbartha CCNG an N6 ná SCNG 2006 maidir le dul i ngleic le turais laistigh den chathair. Ceadaíonn CCNG an N6 turais a chur ar mhalairt slí ó lár na cathrach agus ó Ghréasán Rochtana Lár na Cathrach atá á fhorbairt ag SIG, níos mó fós ná SCNG 2006.

2.6.14 De bharr go bhfuil SCNG 2006 níos faide ó imeall thuaisceart na cathrach, ghlacfadh turais a chuirfí ar mhalairt slí ón ngréasán atá ann faoi láthair níos mó ama. Tá sé ríthábhachtach fad turas a laghdú d’fhonn astuithe a laghdú.

***Tá tionchar níos lú aige ar an timpeallacht***

2.6.15 Cuireann CCNG an N6 réiteach ar fáil nach mbeadh an tionchar céanna aige ar an timpeallacht is a bheadh ag SCNG 2006 ar na cúiseanna seo a leanas:

- Níl drochthionchar aige ar shláine shuíomh cSAC Loch Coirib, rud nach raibh amhlaidh i gcás SCNG 2006 de réir chinneadh na Cúirte Eorpaí
- Ní scarann sé cúirtealáiste Chaisleán Mhionlaigh fad is a ghearr SCNG 2006 tríd, ag scaradh theach an gheata ón gcaisleán féin, agus measadh go mbeadh tionchar ollmhór aige seo ar an oidhreacht chultúir agus ar luach taitneamhachta ó thaobh na ndaoine de

- Ligeann sé do choisithe agus do rothaithe teacht a bheith acu ar dhá mhórionad fostaíochta san oirthear, sa Pháirc Mhór agus i mBaile an Bhriotaigh, a bhfuil comhlachtaí ag feidhmiú sa dá pháirc faoi láthair, rud a chuireann le taitneamhacht turais
- Cuireann sé roghanna níos fearr ar fáil do bhealaí iompair phoiblí de réir riachtanais SIG, rud a chuireann arís le taitneamhacht turais chun na hoibre ar bhonn laethúil

# 3 An Réiteach agus na Buntáistí a bhaineann leis

3.1 Tá CCNG an N6 ar an réiteach is fearr ar na deacrachtaí i gCathair na Gaillimhe agus tacaíonn sé le hiompar níos inbhuanaithe ar na cúiseanna seo a leanas:

- Cuirfidh sé bealach straitéiseach ar fáil trasna Abhainn na Gaillimhe gan gá dul tríd an gcathair
- Bainfidh trasghearradh ardchaighdeáin leis agus soláthróidh sé an toilleadh a bheidh de dhíth don trácht straitéiseach, ag freastal ar an gcathair agus ag ceangal an chontae leis an ngréasán náisiúnta
- Feabhsóidh sé an ceangal le Réigiún an Iarthair, i.e. na ceantair thuaithe agus an chúltír taobh amuigh de limistéar na cathrach
- Beidh teacht ar an mbealach straitéiseach seo teoranta do na hacomhail a sholáthrófar, rud a thabharfaidh cosaint do shócmhainn an bhóthair amach anseo agus a chiallaíonn go mbeidh a thoilleadh slán
- Baineann tábhacht Eorpach leis ó tharla go síneann ceapadh ghréasán cuimsitheach TEN-T siar ón gcathair go deireadh CCNG an N6 agus soláthróidh sé ceangal le Réigiún an Iarthair a mbainfidh caighdeán bealaigh chuimsithigh leis i gcomhréir le Rialúchán TEN-T
- Soláthróidh sé ceangail le naisc riachtanacha sa chathair d’fhonn trácht a scaipeadh ar bhealach níos fearr
- Ach dul i ngleic le fadhbanna brú tráchta na cathrach, cruthóidh an bealach seo caighdeán saoil níos fearr do chónaitheoirí na cathrach mar aon le timpeallacht i bhfad níos sábháilte
- Ach líon na gcarranna ar na bóithre i lár na cathrach a laghdú agus feabhas a chur ar shráid-dreacha, tugtar deis d’oibrithe agus do mhic léinn a dturais a dhéanamh trí úsáid a bhaint as roinnt modhanna iompair. Cuimsíonn sé seo siúl, rothaíocht agus taisteal ar an gcóras iompair phoiblí
- Soláthróidh sé ceangal leis na bóithre náisiúnta trí acomhail chun a oiread leasa agus is féidir a bhaint as gluaiseachtaí traschathrach a aistriú chuig an mbonneagar nua bóthair, rud a shaorfaidh agus a scaoilfidh le limistéar lár na cathrach mar atá ó bhrú tráchta de bharr trácht a bheith ag iarraidh teacht ar dhroichead i lár na cathrach chun Abhainn na Gaillimhe a thrasnú
- Tarraingeoidh sé trácht ó limistéar lár na cathrach rud a fhágfaidh go mbeifear in ann spás bóithre a ath-leithroinnt don iompar poiblí agus go mbeifear in ann brath níos fearr ar amanna turais i gcás an iompair phoiblí
- Freastalóidh sé ar an éileamh mór idir limistéir ar an dá thaobh den chathair
- Cuirfidh sé bealach eile trasna na habhann ar fáil le ceangal ar ais chuig an gcathair ag an dá thaobh den droichead

- Cruthóidh sé timpeallacht níos fearr i lár na cathrach do chách toisc gur lú brú tráchta a bheidh ann, agus mar sin spreagfaidh sé an siúl agus an rothaíocht mar mhodhanna sábháilte iompair

3.2 Chomh maith leis sin, freastalóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe ar chur i bhfeidhm SIG agus ar réiteach comhtháite iompair a chuimseoidh aistriú córa iompair laistigh de Chathair na Gaillimhe.

3.3 Is treise i bhfad na buntáistí suntasacha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ná an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith aici ar an timpeallacht atá i gceist.